

**RABHADH**

Tabhair an páipéar seo ar ais le do fhreagarleabhar.



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

**STAIR – ARDLEIBHÉAL**  
(180 MARC)

DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH – IARNÓIN, 2.00 – 4.30

STAMPA AN IONAIID

SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR,  
LE DO THOIL.**

## STAIR, ARDLEIBHÉAL

Freagair *gach* ceist. Freagair ceist **1**, ceist **2** agus ceist **3** sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar scrúdaithe.

### 1. PICTIÚIR (15 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir A, B, C1 agus C2 a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna a leanas:

#### (a) PICTIÚR A

*I bpictiúr A taispeántar líníocht de mhainistir ó thús Ré na Críostaíochta nGleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin.*

- (i) Ón bpictiúr, tabhair píosa **amháin** fianaise a thaispeánann go raibh na manaigh ábalta déanamh as dóibh féin.

.....  
..... (1)

- (ii) Ainmnigh **dhá** shlí ina mbainfeadh na manaigh úsáid as an gcloigtheach (atá marcáilte **X**) sa phictiúr.

.....  
..... (2)

- (iii) I rith na tréimhse seo, ainmnigh **dhá** mhanach chlúiteacha a thaistil mar mhisinéirí go dtí an Bhreatain nó go dtí an Eoraip.

.....  
..... (2)

(b) **PICTIÚR B**

*Péintéireacht le Botticelli ar a dtugtar “Adhradh na Magi” atá i bpictiúr B.*

- (i) Ón bpéintéireacht, tabhair **dhá** phíosa fianaise a léiríonn gur péintéireacht é seo de chuid an Renaissance.

.....  
..... (2)

- (ii) Cés moite de Botticelli, ainmnigh ealaíontóir **amháin** ón Renaissance agus **dhá** shaothar dá chuid.

Ainm: .....

Saothair: .....

..... (3)

(c) **PICTIÚR C1 agus PICTIÚR C2**

*Póstaeir toghcháin as Tuaisceart Éireann ó 1973 is ea Pictiúr C1 agus Pictiúr C2.*

- (i) Ó phictiúr C1, tabhair cúis **amháin** a bhí ag Páirtí na nAontachtaithe chun cur ina lúí ort go mba chóir duit vótáil dóibh.

..... (1)

- (ii) I bpictiúr C2, cén t-ainm atá ar an bpolaiteoir mór le rá atá **marcáilte Y**?

..... (2)

- (iii) Ón staidéar atá déanta agat ar stair na hÉireann, tabhair cúis **amháin** nár éirigh le Comhaontas Sunningdale, 1973.

.....

..... (2)

2. DOICIMÉID (15 marc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceistanna a leanas:

(a) DOICIMÉAD 1

*Sliocht is ea é seo as óráid a thug Séamas Ó Conghaile i 1916 i rith an Chéad Chogadh Domhanda. Is é an t-ainm atá air ná “Na Slumanna agus na Trinsí.”*

- (i) Cad ba “scéal grinn dar leis na Sasanaigh” i dtuairim Uí Chonghaile?  
.....(1)
- (ii) Cén áit i mBaile Átha Cliath “inar rugadh agus inar tógadh cuid mhór de na hÉireannaigh óga seo”?  
.....  
.....(1)
- (iii) Dar le Ó Conghaile, “tá a fhios ag daoine ar fud an domhain” faoi rud éigin i mBaile Átha Cliath. Cén rud atá i gceist leis an ráiteas seo?  
.....  
.....(1)
- (iv) An gceapeann tú gur chreid Ó Conghaile gur cheart do Éireannaigh a bheith ag troid i gcoinne na Gearmáine? Ón sliocht, tabhair píosa **amháin** fianaise a chuidíonn le do fhreagra.  
.....  
.....(2)
- (v) Ainmnigh eagraíocht **amháin** ar chuidigh Ó Conghaile lena bunú.  
.....  
.....(2)

(b) **DOICIMÉAD 2**

*Dhá dhearcadh is ea iad seo ar cé bhí ciontach as briseadh amach an Dara Cogadh Domhanda.*

*Sliocht as óráid a rinne Príomh-Aire na Breataine, Neville Chamberlain, i dTeach na dTeachtaí, Meán Fómhair 1, 1939, is ea A.*

*Sliocht as Forógra a d'eisigh Adolf Hitler chuig trúpaí na Gearmáine an lá céanna is ea B.*

(i) I ndoiciméad **A**, cén fhreagracht a bhfuil súil ag Chamberlain í a sheachaint?

.....  
.....(1)

(ii) I ndoiciméad **A**, cad é an rud “a léirigh rialtas Shasana go rí-shoiléir do rialtas na Gearmáine”?

.....  
.....(1)

(iii) I ndoiciméad **A**, dar le Chamberlain, cé bhí ciontach as an “tubaiste uafásach”?

.....  
.....(1)

(iv) I ndoiciméad **B**, tabhair cúis **amháin** leis an iarracht a rinne Hitler a thaispeáint go raibh a chinneadh “cur i gcoinne fórsa le fórsa as seo amach” ceart.

.....  
.....(1)

(v) Cé acu de na doiciméid – **A** nó **B** – dar leat gur sampla maith é de bholscaireacht? Tabhair cúis **amháin** ón doiciméad chun cuidiú le do fhreagra.

.....  
.....(2)

(vi) Cé tháinig i gcomharba ar Chamberlain mar Phríomh-Aire na Breataine i mBealtaine 1940?

.....  
.....(2)

3. CEISTEANNA LE FREAGRAÍ GEARRA (20 marc)

Freagair DEICH gcinn de na gceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

- (i) Ainmnigh **dhá** ghléas a d'úsáidfeadh seandálaí nuair a bheadh láthair á tochailt aige/aici.  
..... (2)
- (ii) Ainmnigh **dhá** chéim i dtraenáil an cheardaí sa Mheánaois.  
..... (2)
- (iii) Ainmnigh **dhá** chúram a bhí ar ghild i mbaile mór sa Mheánaois.  
..... (2)
- (iv) Tabhair saintréith thábhachtach **amháin** a bhain le hailtireacht Ghotach.  
..... (2)
- (v) Luaigh **dhá** iarmhairt d'Éirinn a tháinig as ionradh na Normannach sa dara haois déag.  
.....  
..... (2)
- (vi) Tabhair **dhá** chúis gur thosaigh an Renaissance san Iodáil.  
.....  
..... (2)
- (vii) Ainmnigh fionnachtain nó teoiric **amháin** a bhaineann le Copernicus **nó** le Galileo.  
.....  
..... (2)
- (viii) I rith thréimhse an Reifirméisin agus an Fhrith-Reifirméisin cad a bhí sa Chúistiúnacht?  
.....  
..... (2)
- (ix) Ainmnigh **dhá** rialtóir Shasanacha a d'ordaigh go gcuirfí plandálacha i bhfeidhm in Éirinn.  
..... (2)
- (x) Ainmnigh **dhá** iarmhairt a bhaineann le plandáil a ainmníonn tú agus a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.  
Plandáil: .....  
Iarmhairtí: .....  
..... (2)

- (xi) Sa Bhreatain i rith na Réabhlóide Talmhaíochta, cad a bhí i gceist le himfhálú?  
 .....  
 ..... (2)
- (xii) Scríobh síos feabhsúchán mór **amháin** i gcúrsaí talmhaíochta a bhaineann le duine **amháin** díobh seo i rith na Réabhlóide Talmhaíochta:  
*Jethro Tull; Lord Charles Townshend; Robert Bakewell.*  
 Ainm: .....  
 Feabhsúchán: ..... (2)
- (xiii) Tabhair **dhá** iarmhairt d'Éirinn a bhí ag an nGorta Mór sna 1840adaí.  
 .....  
 ..... (2)
- (xiv) Tabhair **dhá** chúis nár thaitin Conradh Versailles leis na Gearmánaigh.  
 .....  
 ..... (2)
- (xv) Mínigh ceann **amháin** de na himeachtaí seo a leanas a bhaineann le Mussolini.  
*An Mháirseáil ar an Róimh; Conradh Lateran.*  
 .....  
 ..... (2)
- (xvi) Cén tír a ndearna an Iodáil ionradh uirthi sa bhliain 1935?  
 ..... (2)
- (xvii) I Samhain na bliana 1938, céard a tharla i rith “*Kristallnacht*” sa Ghearmáin?  
 .....  
 ..... (2)
- (xviii) Ainmnigh **dhá** pholaiteoir Aontachtacha a bhí in aghaidh an Tríú Bille Rialtais Dúchais, 1912.  
 ..... (2)
- (xix) Cérbh é an Príomh-Aire a bhí ar Thuaisceart Éireann idir 1943 agus 1963?  
 ..... (2)
- (xx) Tabhair **dhá** shampla de leatrom ar Chaitlicigh i dTuaisceart Éireann tar éis na críochdheighilte i 1920.  
 .....  
 ..... (2)

4. PEARSANA SA STAIR (40 marc)

Freagair A agus B

- A. Roghnaigh duine **amháin** díobh siúd a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh cuntas ar an duine sin.
- (i) Feirmeoir in Éirinn anallód (roimh Ré na Críostaíochta). (20)
  - (ii) Tiarna nó bantiarna ar chaisleán sa mheánaois. (20)
  - (iii) Leasaitheoir creidimh **a ainmníonn tú** i dtréimhse an Reifirméisin. (20)
- B. Roghnaigh duine **amháin** díobh siúd a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh cuntas ar an duine sin.
- (i) Oibrí i mianach guail **nó** i monarcha teicstíle i rith na Réabhlóide Tionsclaíche. (20)
  - (ii) Píolóta in Aerfhórsa Ríoga na Breataine nó i Luftwaffe na Gearmáine i rith Cath na Breataine, 1940.

NÓ

- (i) Saighdiúir Rúiseach ar fhronta an Oirthir, 1941-5. (20)
- (iii) Seandúine ar cur síos ar athruithe sóisialta in Éirinn i rith na tréimhse, 1930 – 1960. (20)



5. **GLUAISEACHTAÍ RÉABHLÓIDEACHA** (30 marc)

**Foinse D**

*Pictiúr de Ár Boston 1770 (greanadóireacht le Paul Revere).*



**Foinse E**

*Cartún polaitiúil ó 1789 ar a dtugtar “Dúisiúinn an Tríú hEstat.”*



**Foinse F**

*Sliocht as Forógra Chearta an Duine agus an tSaoránaigh.*

“Uime sin aithníonn agus fógraíonn an Tionól Náisiúnta na cearta seo leanas a bheith ag an duine agus ag an saoranach:

Tagann daoine ar an saol seo agus iad saor agus na cearta céanna acu.

Is é an aidhm atá ag cumainn pholaitíochta de chuide chineál ná cearta nádúrtha an duine a chaomhnú.

Is iad na cearta sin ná saoirse, maoin an tsaoil, slandáil agus cosaint in aghaidh foiréigin.

Is é an rud atá i gceist le saoirse ná a bheith ábalta aon rud a dhéanamh nach ndéanann díobháil do dhaoine eile. Ní ceart d’aon duine a bheith míshuaimhneach faoina chuid tuairimí, fiú faoin creideamh atá aige, ar an gcoinníoll nach gcuireann a ghníomhartha as don rialail phoiblí atá bunaithe de réir dlí.

Ceann de na cearta is luachmhaire atá ag an duine ná a bheith ábalta smaointe agus tuairimí a nochtadh gan bac: is féidir le gach saoránach uime sin labhairt amach agus scríobh agus a chuid tuairimí a fhoilsiú go neamhspleách.”

- A.** Déan staidéar ar fhoinse D, greanadóireacht de chuid Paul Revere de Ár Boston.
- (i) An dóigh leat go raibh an t-ealaíontóir i bhfabhar nó i gcoinne riail na Breataine i Meiriceá? Tabhair cúis **amháin** a chuidíonn le do fhreagra. (2)
  - (ii) Cés moite de Ár Boston tabhair **dhá** chúis gur éirigh coilíneachtaí Mheiriceá amach i gcoinne riail na Breataine sa bhliain 1775. (4)
- B.** Cartún polaitiúil ón bhFrainc ó aimsir Réabhlóid na Fraince is ea Foinse E. Is é an t-ainm atá air ná “Dúisíonn an Tríú hEastát.”  
Sliocht as Forógra Chearta an Duine agus an tSaoránaigh is ea Foinse F. Ritheadh é seo i dTionól Náisiúnta na Fraince, 26 Lúnasa, 1789.
- (i) Sa chartún, cén fáth dar leat, go bhfuil dealramh ar an sagart agus ar an duine uasal go bhfuil eagla orthu beirt? (2)
  - (ii) I bhFoinse F cad iad “cearta nádúrtha an duine”? (2)
  - (iii) Ón bhForógra, luaigh **dhá** shaoirse atá ag saoránaigh na Fraince. (2)
  - (iv) Bhí tionchar ag scríbhneoirí na hEagnaíochta ar an bhForógra. Ainmnigh scríbhneoir clúiteach **amháin** a bhain leis an Eagnaíocht. (4)
- C.** (i) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
- (a) An tionchar a bhí ag Cogadh na Saoirse i Meiriceá ar an bhFrainc.
  - (b) Tionchar Réabhlóid na Fraince ar Éirinn.
  - (c) Na hiarmhairtí a bhí ag an réabhlóid ar theip uirthi in Éirinn sa bhliain 1798. (14)

6. Freaghair **dhá** cheann díobh seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

**A. TAISCÉALAÍOCHT**

- (i) Tabhair **dhá** chúis go raibh rialtóirí sásta dul in urraíocht ar thurais taiscéalaíochta. (2)
- (ii) Forbairt na loinge de dhéanamh charbhail – tabhair cúis **amháin** go raibh mairnéalaigh ábalta turais taiscéalaíochta a dhéanamh dá bharr. (2)
- (iii) Ainmnigh **dhá** ghléas a chuidigh le mairnéalaigh a mbealach a dhéanamh ar an bhfarraige i rith Aois na Taiscéalaíochta. (4)
- (iv) Scríobh cuntas ar an bpáirt a ghlac an Phortaingéil in Aois na Taiscéalaíochta. (10)
- (v) “Bhain an Eoraip tairbhe as na tíortha nua-aimsithe fad a bhí dúshaothrú uafásach á dhéanamh ar na tíortha sin agus ar phobail na dtíortha sin freisin.”  
An aontaíonn tú leis an ráiteas thuas? Scríobh cuntas ina ndéanann tú do fhreagra a mhíniú. (12)

**B. FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN SA FICHIÚ hAOIS**

- (i) Mínigh an tábhacht a bhaineann le **trí** cinn de na tarlachtaintí seo a leanas i rith na tréimhse, 1922 - 1932:  
*Ceannairc an Airm; Coimisiún na Teorann; Scéim na Sionainne; An tAcht Toghcháin (Leasú), 1927; Reacht Westminster, 1931.* (6)
- (ii) Tabhair **dhá** chúis gur éirigh le Fianna Fáil in olltoghchán na bliana 1932. (4)
- (iii) Mínigh go hachomair cén fáth go raibh fonn ar dhaoine páirt a ghlacadh i nGluaiseacht na Léinte Gorma i dtríochaidí an chéid seo caite. (4)
- (iv) Ainmnigh **dhá** shocrú thábhachtacha idir Éire agus an Bhreatain faoin gComhaontas Angla-Éireannach, 1938. (4)
- (v) Scríobh cuntas ar ghnímhreim duine **amháin** de na ceannairí seo a leanas:
  - (a) Seán A. Ó Coistealbha.
  - (b) Seán Lemass.
  - (c) Seán Ó Loingsigh. (12)

**C. ATHRUITHE SÓISIALTA IN ÉIRINN SA FICHIÚ hAOIS**

- (i) Ainmnigh **trí** shaghas foinse phríomha a bhféadfadh staraí úsáid a bhaint astu chun eolas a fháil ar stair shóisialta na hÉireann. (6)
- (ii) Luaigh **trí** mhóráthrú atá tar éis tarlú maidir le ról na mban in Éirinn ó 1960. (6)
- (iii) Tabhair **trí** mhóráthrú atá tar éis teacht ar shaol na tuaithe in Éirinn ó 1973. (6)
- (iv) Déan cur síos ar na príomh-athruithe atá tar éis tarlú i gcúrsaí cumarsáide ó 1960. (12)

## D. CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SA FICHIÚ hAOIS

Roghnaigh topaic **amháin** as 1, 2 nó 3.

*Topaic 1: Teach t i dTreis na nOllchumhachtaí.*

- (i) Mínigh cén fáth gur thosaigh an Cogadh Fuar idir an APSS agus SAM díreach i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. (6)
- (ii) Scríobh cuntas ar na géarchéimeanna seo a leanas i rith an Chogaidh Fhuair:  
Imshuí Bheirlín, 1948-9  
Cogadh na Cóiré, 1950-3. (2x12)

*Topaic 2: Ag Dul ar Aghaidh i dtreo Aontachta san Eoraip.*

- (i) Ainmnigh **dhá** pholaiteoir a raibh baint acu leis an dul ar aghaidh i dtreo Aontachta san Eoraip tar éis an Dara Cogadh Domhanda. (4)
- (ii) Déan cur síos ar na príomhiarrachtaí a rinneadh i dtreo Aontachta san Eoraip idir 1945 agus Conradh na Róimhe, 1957. (12)
- (iii) Scríobh cuntas ar fhás an Aontais Eorpaigh idir 1957 agus Conradh Maastricht, 1992. (14)

*Topaic 3: Náisiúnachas san Afraic agus san Áise.*

- (i) Mínigh go hachomair an cúlra coilíneach atá ag tír Áiseach **nó** Afracach **a ainmníonn tú.** (6)
- (ii) Déan cur síos ar na príomh-tharlachtaí a bhaineann le scéal na tíre sin ar an mbóthar chun an saoirse di. (14)
- (iii) Scríobh cuntas ar na deacrachtaí a bhí le sárú ag an dtír sin ó ghnóthaigh sí saoirse. (10)